*An Coiste um Buiséid*

**2022/0039(COD)**

6.7.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027
(COM(2022)0057 – C9-0045/2022 – 2022/0039(COD))

Rapóirtéir don tuairim: José Manuel Fernandes

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Tá gá níos mó agus níos mó le rochtain ar chumarsáid atá bunaithe ar shatailítí, ar rochtain í atá níos sláine agus níos iontaofa, ach fós ar phraghas réasúnta agus éifeachtach ó thaobh costais de. Tá sé sin níos soiléire fós sa chomhthéacs dúshlánach geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Clár an Aontais um Nascacht Shlán a bhunú, lena gcuirfí feabhas ar athléimneacht sheirbhísí cumarsáide an Aontais agus lena rannchuideofaí le cibear-athléimneacht an Aontais. Thacófaí leis freisin leis an mbonn tionsclaíoch spáis, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, agus d'fhéadfaí leathanbhanda ardluais agus nascacht shaoráideach a fhorbairt. Is éard a bheadh sa chlár comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí, lena gcuirfí seirbhísí rialtais agus tráchtála ar fáil. Táthar ag súil go mbeidh fáil ar shraith tosaigh de sheirbhísí rialtais in 2025, agus go mbeidh lánacmhainneacht sroichte in 2027.

Is geal leis an Rapóirtéir go bhfuil sé mar sprioc ag an gCoimisiúin feidhmiú go tapa ar an tionscnamh ríthábhachtach seo ós rud é go bhfuil an tAontas in iomaíocht le gníomhaithe an-dinimiciúil eile. Measann sé go gcuirfí go mór, leis an gclár, le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais agus go laghdófaí leis spleáchas an Aontais ar ghníomhaithe poiblí agus ar ghníomhaithe príobháideacha i dtríú tíortha.

Maidir leis an tionchar buiséadach agus leis na forálacha airgeadais, áitíonn an rapóirtéir nár cheart imchlúdach airgeadais chláir reatha an Aontais a laghdú chun cláir nua a chistiú. Thairis sin, níor cheart go mbeadh samhail chistiúcháin an Chláir um Nascacht Shlán, atá bunaithe i bpáirt ar ranníocaíochtaí ó na Ballstáit agus ón earnáil phríobháideach, ina riosca airgeadais don chomhpháirt rialtais den chlár.

**Leibhéal cistithe Chláir Reatha an Aontais a chaomhnú**

Ós rud é gur tionscnamh nua é an Clár um Nascacht Shlán, nach raibh beartaithe nuair a bunaíodh an creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) do 2021-2027, agus chun aon chiorruithe ar chláir eile de chuid an Aontais a sheachaint, ba cheart méid an imchlúdaigh airgeadais a thógáil ó na corrlaigh neamh-leithdháilte faoi uasteorainneacha CAI nó iad a sholáthar trí ionstraimí speisialta neamhthéamacha CAI.

Ina thogra, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún suim iomlán EUR 1.6 billiún a athdháileadh sa tréimhse 2023-2027. As an méid iomlán sin, tagann EUR 150 milliún ó na corrlaigh ach tagann an chuid eile ó na cláir atá ann cheana (an Clár Spáis – Galileo/EGNOS, SCE-Digiteach, an Clár don Eoraip Dhigiteach (DEP), an Ciste Eorpach Cosanta (EDF) agus cúlchiste NDICI).

Measann an Rapóirtéir go bhfuil na suimeanna sin riachtanach chun na cláir ghaolmhara a chur i gcrích i gceart. Níl sé inghlactha, dá bhrí sin, go ndéanfaí iad a athdháileadh ar ghníomhaíocht iomlán nua. Go háirithe:

- Is gnéithe lárnacha de straitéis an Aontais chun an t-aistriú digiteach a bhaint amach iad CEF-Digiteach agus DEP. Thairis sin, bheadh tionchar diúltach ag an togra ón gCoimisiún maidir le Gníomh um Shliseanna ar SCE Digiteach agus DEP araon;

- Laghdaigh an Chomhairle Eorpach an cistiú don Chiste Eorpach Cosanta go mór i gcomparáid leis an méid a bhí beartaithe ag an tús agus dá bhrí sin tá sé i bhfad níos ísle

cheana féin ná an méid a mheas an Coimisiún agus an Pharlaimint a bheith riachtanach. Thairis sin, is gné ríthábhachtach é chun beartas cosanta Eorpach a fhorbairt. Dar leis an gComhairle Eorpach tá ionradh na Rúise ar an Úcráin ina "athrú ollmhór i stair na hEorpa". Níl ath-leithdháileadh mar is gnách oiriúnach mar fhreagairt sa chás seo;

- Bunaíodh cúlchiste NDICI um Dhúshláin agus Tosaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn chun dul i ngleic le himthosca gan choinne. Níor cheart leas a bhaint as ach do ghéarchéimeanna nua nó do dhúshláin atá ag teacht chun cinn, agus níor cheart leas a bhaint as le haghaidh tionscnaimh phleanáilte ná le haghaidh tionscnaimh inchláraithe.

Thairis sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún suim iomlán EUR 800 milliún a chur ar leataobh i gcaitheamh na tréimhse 2023-2027. Dar leis an Rapóirtéir bheadh sé inghlactha cistí a chur ar leataobh faoin gClár Spáis (GovSatCom) agus faoin gclár Fís Eorpach, toisc go bhfuil cuspóirí na gclár sin comhlántach agus comhleanúnach le cuspóirí an chláir um Nascacht Shlán. Mar sin féin, tá sé ag moladh go ndéanfaí an méid atá curtha ar leataobh faoin gclár Fís Eorpach a chúiteamh agus leas a bhaint as méideanna dídhílsithe ó chláir thaighde. Ní aontaíonn an Rapóirtéir leis go ndéanfaí EUR 150 milliún a chur ar leataobh faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta, lena gcumhdaítear comhar an Aontais le tríú tíortha. Níl údar cuí leis sin, go háirithe i bhfianaise an chomhthéacs dhomhanda. Tá an cistiú do chlár ICFCI rótheann cheana féin gan ach bliain amháin caite sa CAI reatha.

**Inmharthanacht na comhpháirte rialtais den chlár a áirithiú**

Sa togra uaidh, tá an Coimisiún ag dréim leis nach dtiocfaidh sciar mór den chistiú ó Bhuiséad an Aontais. Go deimhin, táthar ag dréim leis go ndéanfaidh na Ballstáit ranníocaíochtaí i leith an bhonneagair rialtais agus na seirbhísí rialtais, agus go ndéanfaidh comhpháirtithe príobháideacha bonneagar tráchtála agus soláthar seirbhísí tráchtála a mhaoiniú go hiomlán.

Is den ríthábhacht é go mbeidh sásra coimirce maith ann idir na comhpháirteanna rialtais agus tráchtála chun leanúnachas na seirbhísí rialtais a áirithiú, i gcás aon mhainneachtain ar thaobh an chomhpháirtí tráchtála de.

Maidir leis an gcomhpháirt rialtais, tá an Coimisiún ag dréim leis go dtiocfaidh an cistiú ó bhuiséad an Aontais agus ó ranníocaíochtaí na mBallstát araon. Ba cheart, dá bhrí sin, go n-áiritheofaí leis an Rialachán nach mbeidh aon riosca airgeadais ann do bhuiséad an Aontais. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit rannchuidiú le hinmharthanacht an bhonneagair rialtais agus an tsoláthair seirbhíse laistigh den chreat ama sainithe.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá méadú ag teacht ar éileamh na ngníomhaithe rialtais de chuid an Aontais ar sheirbhísí cumarsáide satailíte atá slán agus iontaofa, go háirithe toisc gurb iad sin an t-aon rogha inmharthana amháin i gcásanna nach ann do chórais chumarsáide talamhbhunaithe, i gcásanna ina gcuirtear isteach orthu nó nach bhfuil siad iontaofa. Tá sé fíor-riachtanach freisin go mbeadh rochtain inacmhainne chostéifeachtach ar chumarsáid satailítbhunaithe i réigiúin iargúlta, ar an mórmhuir agus san aerspás. Mar shampla, i gcás ina gcuireann easpa cumarsáide ard-bhandaleithid teorainn faoi láthair ar an gcumas leas iomlán a bhaint as braiteoirí agus as ardáin nua lena mbreathnaítear ar 71 % den chuid sin dár bpláinéad ar aigéan í, cinntíonn cumarsáid satailíte go mbeidh rochtain fhadtéarmach gan bhriseadh ar fáil ar fud an domhain. | 1. Tá méadú ag teacht ar éileamh na ngníomhaithe rialtais de chuid an Aontais ar sheirbhísí cumarsáide satailíte atá slán agus iontaofa, go háirithe toisc gurb iad sin an t-aon rogha inmharthana amháin i gcásanna nach ann do chórais chumarsáide talamhbhunaithe, i gcásanna ina gcuirtear isteach orthu nó nach bhfuil siad iontaofa. Tá sé fíor-riachtanach freisin go mbeadh rochtain inacmhainne chostéifeachtach ar chumarsáid shatailítbhunaithe i réigiúin iargúlta***, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí,*** ar an mórmhuir agus san aerspás. Mar shampla, i gcás ina gcuireann easpa cumarsáide ard-bhandaleithid teorainn faoi láthair ar an gcumas leas iomlán a bhaint as braiteoirí agus as ardáin nua lena mbreathnaítear ar 71% den chuid sin dár bpláinéad arb aigéan í, cinntíonn cumarsáid satailíte go mbeidh rochtain fhadtéarmach gan bhriseadh ar fáil ar fud an domhain. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais, arb é a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 18 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[22], do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós | (25) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais, arb é a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 18 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[22], do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil. ***Ós rud é*** |

| | |
|---|---|
| imeachta bhuiséadaigh bhliantúil. | ***gur tionscnamh nua é an Clár nach raibh beartaithe nuair a bunaíodh an creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) do 2021-2027, agus chun aon chiorruithe ar chláir eile de chuid an Aontais a sheachaint, ba cheart méid an imchlúdaigh airgeadais a thógáil ó na corrlaigh neamh-leithdháilte faoi uasteorainneacha CAI nó a sholáthar trí ionstraimí speisialta neamhthéamacha CAI.*** |

[22] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

[22] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

*Réasúnú*

*Is é seasamh daingean Pharlaimint na hEorpa gur cheart tionscnaimh nua a chistiú trí acmhainní nua a úsáid. Ba cheart an cur chuige céanna a chur i bhfeidhm sa chás seo. Níor cheart, go háirithe, aon chistí a ath-leithdháileadh ó chláir eile de chuid an Aontais.*

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Tá cuspóirí an Chláir comhleanúnach agus comhlántach le cuspóirí chláir eile de chuid an Aontais, go háirithe Fís Eorpach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] , an clár don Eoraip Dhigiteach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] , an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] , an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] agus, go háirithe, Clár Spáis an Aontais a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] . | (26) Tá cuspóirí an Chláir comhleanúnach agus comhlántach le cuspóirí clár eile de chuid an Aontais, go háirithe Fís Eorpach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an clár don Eoraip Dhigiteach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus, go háirithe, Clár Spáis an Aontais a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ***Mar sin féin, níor*** |

[23] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

[24] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

[25] Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

[26] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (OJ L 249, 14.7.2021, lch. 38).

[27] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE)

***cheart cistí ó na cláir sin a ath-leithdháileadh chun an Clár a mhaoiniú.***

[23] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

[24] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

[25] Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

[26] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (OJ L 249, 14.7.2021, lch. 38).

[27] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE)

| | |
|---|---|
| Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69). | Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69). |

*Réasúnú*

*Is fíor go gcomhlánaítear le cuspóirí an Chláir um Nascacht Shlán na cuspóirí atá ag cláir eile de chuid an Aontais. Níor cheart, áfach, cistí a ath-leithdháileadh ó na cláir sin chun an tionscnamh nua seo a mhaoiniú.*

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Leis an gClár Fís Eorpach leithdháilfear sciar tiomnaithe dá chomhpháirteanna faoi Bhraisle 4 ar ghníomhaíochtaí T&N a bhaineann le forbairt agus bailíochtú an chórais um nascacht shlán, lena n-áirítear le haghaidh na dteicneolaíochtaí a d'fhéadfaí a fhorbairt faoin Spás Nua. ***Leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI), leithdháilfear sciar tiomnaithe dá cistí a bhaineann leis an Eoraip Dhomhanda*** le haghaidh gníomhaíochtaí ***a bhaineann le hoibriú an chórais agus le soláthar seirbhísí ar fud an domhain lenar bhféadfar réimse seirbhísí a thairiscint do chomhpháirtithe idirnáisiúnta.*** Le Clár Spáis an Aontais, leithdháilfear sciar tiomnaithe dá chomhpháirt GOVSATCOM le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt Mhol GOVSATCOM a bheidh mar chuid de bhonneagar an chórais um Nascacht Shlán ar talamh. Ba cheart an cistiú a thagann as na cláir sin a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha na gclár sin. Ós rud é go bhféadfadh difríocht shuntasach a bheith idir na rialacha sin agus na rialacha faoin Rialachán seo, ba cheart an gá atá leis na | (27) Leis an gClár Fís Eorpach leithdháilfear sciar tiomnaithe dá chomhpháirteanna faoi Bhraisle 4 ar ghníomhaíochtaí T&N a bhaineann le forbairt agus bailíochtú an chórais um nascacht shlán, lena n-áirítear le haghaidh na dteicneolaíochtaí a d'fhéadfaí a fhorbairt faoin Spás Nua. ***Ós rud é gur tionscnamh nua é an Clár um Nascacht Shlán agus gur príomhthosaíocht de chuid an Aontais é an Clár Fís*** Eorpach, ***níor cheart go mbainfeadh leithdháileadh cistí de na gníomhaíochtaí T&N sin ó na gníomhaíochtaí eile T&N a rinneadh faoi Bhraisle 4, atá riachtanach d'iomaíochas an Aontais*** agus do ***na haistrithe glasa agus digiteacha. Dá réir sin, gan dochar do shainphribhléidí institiúideacha Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ba cheart méid na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí atá coibhéiseach leis an méid atá curtha ar leataobh faoi Bhraisle 4 do ghníomhaíochtaí T&I a bhaineann leis an gcóras um nascacht shlán a chur ar fáil don Chlár Fís Eorpach thar an tréimhse 2023-2027, ar leithreasuithe iad a eascraíonn as neamhchur chun feidhme iomlán nó páirteach tionscadal ar leis an*** |

| | |
|---|---|
| cuspóirí beartais atá beartaithe a bhaint amach go héifeachtach a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí a mhaoiniú ó na cistí a leithdháiltear ón bhFís Eorpach agus ***ó NDICI araon*** agus ó Chlár an Aontais um Nascacht Shlán. | ***gclár sin, nó a réamhtheachtaí, iad mar a fhoráiltear in Airteagal 15(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán Airgeadais). Is méid breise é an méid sin anuas ar an EUR 0.5 billiún (i bpraghsanna 2018) dá bhforáiltear sa Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cistí dídhílsithe a athúsáid i ndáil leis an gclár taighde.*** Le Clár Spáis an Aontais, leithdháilfear sciar tiomnaithe dá chomhpháirt GOVSATCOM le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt Mhol GOVSATCOM a bheidh mar chuid de bhonneagar an chórais um Nascacht Shlán ar talamh. Ba cheart an cistiú a thagann as na cláir sin a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha na gclár sin. Ós rud é go bhféadfadh difríocht shuntasach a bheith idir na rialacha sin agus na rialacha faoin Rialachán seo, ba cheart an gá atá leis na cuspóirí beartais atá beartaithe a bhaint amach go héifeachtach a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí a mhaoiniú ó na cistí a leithdháiltear ón gclár Fís Eorpach agus ó Chlár an Aontais um Nascacht Shlán. |

*Réasúnú*

*Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cistí a chur ar leataobh faoi thrí Chlár eile ar mhaithe le Nascacht Shlán. Tá ciall le leas a bhaint as Mol Govsatcom; dá bhrí sin, is féidir tacú leis an méid sin a chur ar leataobh. Tá ciall leis freisin tacú le gníomhaíochtaí T&N a bhaineann leis an gclár faoi Fís Eorpach. Mar sin féin, moltar é sin chúiteamh ag úsáid méideanna a dídhílsíodh faoi Airteagal 15(3) d'fhonn a áirithiú nach laghdófar Braisle 4 don tionscnamh nua seo. Ní féidir tacú le méideanna a chur ar leataobh faoi NDICI.*

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(28) I ngeall ar na himpleachtaí*** | ***scriosta*** |

***bunúsacha atá aige ar shlándáil an Aontais agus a mBallstát, tagann cuspóirí agus prionsabail an Chláir leis na cuspóirí agus prionsabail atá ag an gCiste Eorpach Cosanta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[28] . Dá bhrí sin, ba cheart cuid den chistiú ón gClár sin a sholáthar chun na gníomhaíochtaí faoin gClár seo a chistiú, go háirithe na gníomhaíochtaí a bhaineann lena bhonneagar a imscaradh.***

***[28] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149).***

*Réasúnú*

*Laghdaigh an Chomhairle Eorpach go mór an buiséad a mhol an Coimisiún ar dtús don Chiste Eorpach Cosanta. I bhfianaise a bhfuil ag tarlú faoi láthair, ba bhotún é sin. Ní féidir tacú leis an méid a laghdú tuilleadh.*

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) Ba cheart go mbeadh leibhéal leordhóthanach cistiúcháin ag an gClár chun a áirithiú go mbeidh rath air. Anuas ar an imchlúdach airgeadais ó bhuiséad an Aontais, d'fhéadfadh an Clár ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil a fháil ó pháirtithe eile, lena n-áirítear na Ballstáit. D'fhéadfaí ranníocaíochtaí airgeadais den sórt sin a shocrú agus riachtanais fhoriomlána na mBallstát á gcur san áireamh, agus prionsabail na comhréireachta, na dlúthpháirtíochta*** |

***agus na cothroime á gcur san áireamh. Ina theannta sin, d'fhéadfaí bonneagar an Chláir a chomhlánú le cumais bhreise arna gcistiú le hinfheistíochtaí breise ón earnáil phríobháideach.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28b) Ba cheart riachtanais chistiúcháin an Chláir a chur san áireamh san athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, d'fhonn cobhsaíocht, comhleanúnachas, uaillmhian agus maoiniú fadtéarmach an Chláir a áirithiú. Le cistiú iomchuí trí bhuiséad an Aontais, d'áiritheofaí grinnscrúdú daonlathach ar an gClár sa nós imeachta buiséadach bliantúil agus d'fhéadfaí forálacha rialúcháin airgeadais agus urscaoilte airgeadais uile an Aontais a chur i bhfeidhm.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28c) Tá cistí clársceidealaithe ag roinnt Ballstát ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) le haghaidh gníomhaíochtaí spáis. Chun éifeachtúlacht na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil a uasmhéadú agus chun sineirgí idir an Clár agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a ailíniú le riachtanais an Chláir.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Conarthaí soláthair arna dtabhairt i gcrích faoin gClár le haghaidh gníomhaíochtaí arna maoiniú ag an gClár, ba cheart dóibh rialacha an Aontais a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Aontas a bheith freagrach as sainiú na gcuspóirí atá le saothrú i leith soláthar poiblí. | (33) Conarthaí soláthair arna dtabhairt i gcrích faoin gClár le haghaidh gníomhaíochtaí arna maoiniú ag an gClár, ba cheart dóibh rialacha an Aontais ***agus na prionsabail shonracha a leagtar amach sa Rialachán seo*** a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Aontas a bheith freagrach as sainiú na gcuspóirí atá le saothrú i leith soláthar poiblí. ***Ba cheart don Aontas rannpháirtíocht gheografach leathan a chur chun cinn i measc gníomhaithe eacnamaíocha sna nósanna imeachta soláthair. Ba cheart don ghníomhaireacht chonarthach tús áite a thabhairt do réitigh theicniúla atá indéanta i bhfad na haimsire.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Is í comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí an scéim is oiriúnaí lena áirithiú go bhféadfaí cuspóirí an Chláir a shaothrú. D’fhágfadh sé go mbeifí in ann cur le bonn teicneolaíoch agus bonneagair cumarsáide satailíte an Aontais atá ann cheana agus seirbhísí rialtais stóinseacha agus nuálacha a chur ar fáil, agus ag an am céanna bheadh an comhpháirtí príobháideach in ann bonneagar an Chláir a chomhlánú le cumais bhreise chun seirbhísí tráchtála a thairiscint trí infheistíochtaí breise dá chuid féin. Ina theannta sin, dhéanfadh scéim den sórt sin costais imscartha agus oibríochta a bharrfheabhsú trí chostais forbartha agus | (38) Is comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí an scéim is oiriúnaí lena áirithiú go bhféadfaí cuspóirí an Chláir a shaothrú. D’fhágfadh sé go mbeifí in ann cur le bonn teicneolaíoch agus bonneagair cumarsáide satailíte an Aontais atá ann cheana agus seirbhísí rialtais stóinseacha agus nuálacha a chur ar fáil, agus ag an am céanna bheadh an comhpháirtí príobháideach in ann bonneagar an Chláir a chomhlánú le cumais bhreise chun seirbhísí tráchtála a thairiscint trí infheistíochtaí breise dá chuid féin. Ina theannta sin, dhéanfadh scéim den sórt sin costais imscartha agus oibríochta a bharrfheabhsú trí chostais forbartha agus |

| | |
|---|---|
| imscartha a roinnt ar chomhpháirteanna atá i gcoiteann ag bonneagair rialtais agus tráchtála araon, chomh maith le costais oibriúcháin trí ardleibhéal frithpháirtiúcháin acmhainne a cheadú. Spreagfadh sé nuálaíocht go háirithe maidir le Spás Nua trí chomhroinnt rioscaí Taighde agus Forbartha a chumasú idir comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha. | imscartha a roinnt ar chomhpháirteanna atá i gcoiteann ag bonneagair rialtais agus tráchtála araon, chomh maith le costais oibriúcháin trí ardleibhéal frithpháirtiúcháin acmhainneachta a cheadú. Spreagfadh sé nuálaíocht go háirithe maidir le Spás Nua trí chomhroinnt rioscaí Taighde agus Forbartha a chumasú idir comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha. ***Ba cheart na costais sin agus na rioscaí sin a chomhroinnt ar shlí lena gcinnteofar nach bhfaighidh comhpháirtithe príobháideacha aon róchúiteamh. Ba cheart go n-áiritheofaí leis na comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha freisin go ndéanfar athruithe ar dhálaí aeráide, ar riosca tubaiste agus ar bhearta féideartha maolaithe agus oiriúnaithe don athrú aeráide a shainaithint agus a mheas le linn thimthriall iomlán an tionscadail ó fhorbairt, ó dhearadh go cur chun feidhme gach tionscadail ar leith. Ba cheart do na tionscadail cloí leis an bprionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh'.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) D'fhéadfadh sé gur conradh lamháltais nó socruithe conarthacha eile a bheadh sa tsamhail cur chun feidhme. Gan beann ar an tsamhail cur chun feidhme, ba cheart roinnt príomhphrionsabal a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbunófaí leis an gconradh dáileadh soiléir na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí idir na comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha***. Dá bhrí sin, ba cheart go seachnófaí leis róchúiteamh*** don chomhpháirtí príobháideach chun seirbhísí rialtais a sholáthar, go gceadófaí don earnáil phríobháideach seirbhísí tráchtála a sholáthar agus go n-áiritheofaí | (39) D'fhéadfadh sé gur conradh lamháltais nó socruithe conarthacha eile a bheadh sa tsamhail cur chun feidhme. Beag beann ar an tsamhail cur chun feidhme, ba cheart roinnt príomhphrionsabal ***lena gcomhlánaítear na rialacha a áirítear sa Rialachán Airgeadais agus a bhaineann go sonrach leis an gClár*** a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbunófaí dáileadh soiléir leis an gconradh ar a cúraimí agus ar na freagrachtaí idir na comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha***, mar aon le leithdháileadh soiléir ar na rioscaí eatarthu, d'fhonn a áirithiú go nglacfaidh*** |

go dtabharfaí tosaíocht iomchuí do riachtanais na n-úsáideoirí rialtais. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann measúnú agus formheas a dhéanamh ar na seirbhísí sin chun a áirithiú go gcaomhnófar leasanna bunriachtanacha an Aontais agus cuspóirí an Chláir ***agus go gcuirfear coimircí leordhóthanacha ar bun*** chun saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh teacht as soláthar seirbhísí tráchtála a chosc***;*** d'fhéadfaí ***a áireamh*** sna ***coimircí sin*** deighilt cuntas idir seirbhísí rialtais agus tráchtála, rochtain oscailte, chothrom agus neamh-idirdhealaitheach ar bhonneagar is gá chun seirbhísí tráchtála a sholáthar. Ba cheart go gcothófaí leis an gcomhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach rannpháirtíocht gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna feadh shlabhra luacha iomlán an lamhháltais agus ó Bhallstát go chéile, agus leis sin dhreasófaí forbairt teicneolaíochtaí nuálacha suaiteacha

an comhpháirtí príobháideach ***freagracht as iarmhairtí aon teipeanna a bhfuil sé faoi dhliteanas ina leith. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an gconradh nach bhfaighidh an comhpháirtí príobháideach aon róchúiteamh*** as ucht seirbhísí rialtais a sholáthar, go gceadófaí don earnáil phríobháideach seirbhísí tráchtála a sholáthar agus go n-áiritheofaí go dtabharfaí tosaíocht iomchuí do riachtanais na n-úsáideoirí rialtais. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann na seirbhísí sin a mheasúnú agus a fhormheas chun a áirithiú go gcaomhnófar leasanna bunúsacha an Aontais agus cuspóirí an Chláir. ***Is den tábhacht é a áirithiú go bhfuil bearta*** i bhfeidhm chun ***a áirithiú go gcaomhnófar na leasanna agus na cuspóirí bunúsacha sin. Ba cheart, go háirithe, go mbeadh an Coimisiún in ann na bearta is gá a dhéanamh chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú i gcás nach bhfuil an conraitheoir in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh. Leis an gconradh, ba cheart go gcuirfí*** cosc***, i measc nithe eile, ar choinbhleachtaí leasa agus*** ar shaobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh teacht as soláthar seirbhísí tráchtála***.*** D'fhéadfaí ***é sin a dhéanamh inter alia trí dheighilt cuntas a áireamh*** idir seirbhísí rialtais agus tráchtála, rochtain oscailte, chothrom agus neamh-idirdhealaitheach ar bhonneagar is gá chun seirbhísí tráchtála a sholáthar. Ba cheart go gcothófaí leis an gcomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach rannpháirtíocht gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna feadh shlabhra luacha iomlán an lamhháltais agus ó Bhallstát go chéile, agus leis sin dhreasófaí forbairt teicneolaíochtaí nuálacha suaiteacha***.***

*Réasúnú*

*Ba cheart a áirithiú leis na conarthaí go gcaomhnófar leas airgeadais an Aontais.*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Is fada an lá atá na Ballstáit gníomhach i réimse an spáis. Tá córais, bonneagar, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí náisiúnta acu a bhfuil baint acu leis an spás. Dá bhrí sin, is féidir leo rannchuidiú go mór leis an gClár, go háirithe lena chur chun feidhme. ***D'fhéadfaidís*** oibriú i gcomhar leis an Aontas chun seirbhísí agus feidhmeanna an Chláir a chur chun cinn agus comhleanúnachas a áirithiú idir na tionscnaimh náisiúnta ábhartha agus an Clár. ***D'fhéadfadh sé*** go mbeadh an Coimisiún in ann na hacmhainní atá ar fáil do na Ballstáit a shlógadh, leas a bhaint as a gcúnamh agus, faoi réir coinníollacha arna gcomhaontú go frithpháirteach, cúraimí neamhrialála a chur ar na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme an Chláir. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcosnófar an bonneagar ar talamh atá suite ina gcríocha. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún oibriú le chéile leis na comhlachtaí iomchuí idirnáisiúnta agus leis na húdaráis rialála iomchuí chun a áirithiú go mbeidh na minicíochtaí is gá don Chlár ar fáil agus go ndéanfar iad a chosaint ar an leibhéal iomchuí le go mbeifear in ann na feidhmeanna arna mbunú ar na seirbhísí arna gcur ar fáil a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina n-iomláine, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | (41) Is fada an lá atá na Ballstáit gníomhach i réimse an spáis. Tá córais, bonneagar, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí náisiúnta acu a bhfuil baint acu leis an spás. Dá bhrí sin, is féidir leo rannchuidiú go mór leis an gClár, go háirithe lena chur chun feidhme. ***Ba cheart*** dóibh oibriú i gcomhar leis an Aontas chun seirbhísí agus feidhmeanna an Chláir a chur chun cinn agus comhleanúnachas a áirithiú idir na tionscnaimh náisiúnta ábhartha agus an Clár. ***Ba cheart*** go mbeadh an Coimisiún in ann na hacmhainní atá ar fáil do na Ballstáit a shlógadh, leas a bhaint as a gcúnamh agus, faoi réir coinníollacha arna gcomhaontú go frithpháirteach, cúraimí neamhrialála a chur ar na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme an Chláir. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcosnófar an bonneagar ar talamh atá suite ina gcríocha. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún oibriú le chéile leis na comhlachtaí iomchuí idirnáisiúnta agus leis na húdaráis rialála iomchuí chun a áirithiú go mbeidh na minicíochtaí is gá don Chlár ar fáil agus go ndéanfar iad a chosaint ar an leibhéal iomchuí le go mbeifear in ann na feidhmeanna arna mbunú ar na seirbhísí arna gcur ar fáil a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina n-iomláine, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (42) I gcomhréir le hAirteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (‘CAE’) agus ós aidhm leis an gCoimisiún leas ginearálta an Aontais a chur chun cinn, is é atá freagrach as an gClár a chur chun feidhme, as freagracht fhoriomlán a ghlacadh as agus as a úsáid a chur chun cinn. Chun acmhainní agus inniúlachtaí na ngeallsealbhóirí éagsúla a bharrfheabhsú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cúraimí áirithe a chur ar eintitis eile faoi imthosca a bhfuil údar leo. Agus freagracht fhoriomlán as an gClár aige, ba cheart don Choimisiún na príomhcheanglais theicniúla agus oibríochtúla atá riachtanach a chinneadh chun éabhlóid córas agus seirbhísí a chur chun feidhme. Ba cheart dó é sin a dhéanamh tar éis dó dul i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát, le húsáideoirí agus le geallsealbhóirí ábhartha eile. Ar deireadh, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) CFAE, ní bheidh de thoradh ar inniúlacht a bheith á feidhmiú ag an Aontas go gcoiscfear ar na Ballstáit a n-inniúlachtaí a fheidhmiú. Mar sin féin, chun dea-úsáid a bhaint as cistí an Aontais, is iomchuí go n-áiritheoidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, comhleanúnachas na ngníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs an Chláir le gníomhaíochtaí na mBallstát. | (42) I gcomhréir le hAirteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (‘CAE’) agus ós aidhm leis an gCoimisiún leas ginearálta an Aontais a chur chun cinn, is é atá freagrach as an gClár a chur chun feidhme, as freagracht fhoriomlán a ghlacadh as agus as a úsáid a chur chun cinn. Chun acmhainní agus inniúlachtaí na ngeallsealbhóirí éagsúla a bharrfheabhsú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cúraimí áirithe a chur ar eintitis eile faoi imthosca a bhfuil údar leo. Agus freagracht fhoriomlán as an gClár aige, ba cheart don Choimisiún na príomhcheanglais theicniúla agus oibríochtúla atá riachtanach a chinneadh chun éabhlóid córas agus seirbhísí a chur chun feidhme. Ba cheart dó é sin a dhéanamh tar éis dó dul i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát, le húsáideoirí agus le geallsealbhóirí ábhartha eile. Ar deireadh, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) CFAE, ní bheidh de thoradh ar inniúlacht a bheith á feidhmiú ag an Aontas go gcoiscfear ar na Ballstáit a n-inniúlachtaí a fheidhmiú. Mar sin féin, chun dea-úsáid a bhaint as cistí an Aontais, is iomchuí go n-áiritheoidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, comhleanúnachas na ngníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs an Chláir le gníomhaíochtaí na mBallstát***, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a chistítear faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta***. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (45) Chun oibriú an bhonneagair rialtais a áirithiú agus soláthar na seirbhísí rialtais a éascú, ba cheart a cheadú don Ghníomhaireacht, trí bhíthin | (45) Chun oibriú an bhonneagair rialtais a áirithiú agus soláthar na seirbhísí rialtais a éascú, ba cheart a cheadú don Ghníomhaireacht, trí bhíthin |

| | |
|---|---|
| comhaontuithe ranníocaíochta, gníomhaíochtaí sonracha a chur de chúram ar eintitis eile, i réimsí a n-inniúlachtaí faoi seach, faoi choinníollacha na bainistíochta indírí a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCoimisiún. | comhaontuithe ranníocaíochta, gníomhaíochtaí sonracha a chur de chúram ar eintitis eile, i réimsí a n-inniúlachtaí faoi seach, faoi choinníollacha na bainistíochta indírí a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCoimisiún ***agus atá leagtha amach sa Rialachán Airgeadais***. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (64) ***I bprionsabal,*** ba cheart na seirbhísí rialtais a sholáthar saor in aisce d'úsáideoirí na seirbhísí rialtais. Más rud é, tar éis anailís a dhéanamh, go gcinneann an Coimisiún go bhfuil easpa acmhainne ann, ba cheart go gceadófaí beartas praghsála a fhorbairt mar chuid de na rialacha mionsonraithe sin maidir le soláthar seirbhísí chun saobhadh ar an margadh a sheachaint. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun beartas praghsála den sórt sin a ghlacadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. | (64) Ba cheart***, mar riail ghinearálta,*** na seirbhísí rialtais a sholáthar saor in aisce d'úsáideoirí na seirbhísí rialtais***. Tá teorainn leis an acmhainneacht le haghaidh na seirbhísí sin, áfach***. Más rud é, tar éis anailís ***chríochnúil*** a dhéanamh, go gcinneann an Coimisiún go bhfuil easpa acmhainneachtaí ann, ba cheart go gceadófaí dó***, i gcás ina bhfuil údar cuí leis,*** beartas praghsála a fhorbairt mar chuid de na rialacha mionsonraithe sin maidir le soláthar seirbhísí chun ***soláthar seirbhísí a mheaitseáil le héileamh ar na seirbhísí sin*** agus chun saobhadh ar an margadh a sheachaint. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun beartas praghsála den sórt sin a ghlacadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. |

*Réasúnú*

*Soiléiriú breise.*

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 68**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (68) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[42], ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an gClár seo ar bhonn na faisnéise arna bailiú i gcomhréir le ceanglais faireacháin shonracha, agus ag am céanna ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, agus ró-rialáil, á seachaint. Ar na ceanglais sin ba cheart a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Chláir. Sa mheastóireacht ar an gClár seo, ba cheart torthaí na meastóireachta ar Chlár Spáis an Aontais a bhaineann le comhpháirt GOVSATCOM arna déanamh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2021/696 a chur san áireamh. | (68) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[42], ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an gClár seo ar bhonn na faisnéise arna bailiú i gcomhréir le ceanglais faireacháin shonracha, agus ag am céanna ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, agus ró-rialáil, á seachaint. Ar na ceanglais sin ba cheart a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Chláir. Sa mheastóireacht ar an gClár seo, ba cheart torthaí na meastóireachta ar Chlár Spáis an Aontais a bhaineann le comhpháirt GOVSATCOM arna déanamh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2021/696 a chur ***san áireamh agus ba cheart í a bheith ar fáil in am trátha chun cur leis an obair ar aon togra chun leanúint den Chlár sa chéad tréimhse eile CAI***. |
| [42] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. | [42] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(69a) Ba cheart na ceanglais airgeadais agus dhlíthiúla uile a bhunú sa Rialachán seo chun intuarthacht chur chun feidhme an Chláir a áirithiú. Is gá freisin raon feidhme an chomhair idir an Coimisiún agus na comhpháirtithe tionscail ábhartha a leagan amach, d'fhonn a áirithiú go bhfuil creat soiléir ann do gharspriocanna agus spriocanna an Chláir.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe (a)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) chun a áirithiú go mbeidh fáil fhadtéarmach gan bhriseadh ar fud an domhain ag úsáideoirí rialtais ar rochtain ar sheirbhísí cumarsáide satailíte atá slán agus costéifeachtach i gcomhréir le míreanna 1 go 3 d'Airteagal 7, a thacaíonn le cosaint bonneagar criticiúil, faireachas, gníomhaíochtaí seachtracha, bainistiú géarchéime agus feidhmeanna atá criticiúil le haghaidh an gheilleagair, an chomhshaoil, na slándála agus na cosanta, agus ar an gcaoi sin athléimneacht na mBallstát a mhéadú; | (a) chun a áirithiú go mbeidh fáil fhadtéarmach gan bhriseadh ar fud an domhain ag úsáideoirí rialtais ar rochtain ar sheirbhísí cumarsáide satailíte atá slán agus costéifeachtach i gcomhréir le míreanna 1 go 3 d'Airteagal 7, a thacaíonn le cosaint bonneagar criticiúil, faireachas, gníomhaíochtaí seachtracha, bainistiú géarchéime agus feidhmeanna atá criticiúil le haghaidh an gheilleagair, ***na haeráide agus an*** chomhshaoil, na slándála agus na cosanta, agus ar an gcaoi sin athléimneacht na mBallstát a mhéadú; |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh ar áireamh sa bhonneagar tráchtála dá dtagraítear i mír 1 na sócmhainní spáis agus na sócmhainní ar talamh uile seachas na sócmhainní sin ar cuid den bhonneagar rialtais iad. Déanfaidh an conraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2) an bonneagar tráchtála a mhaoiniú go hiomlán. | 4. Beidh ar áireamh sa bhonneagar tráchtála dá dtagraítear i mír 1 na sócmhainní spáis agus na sócmhainní ar talamh uile seachas na sócmhainní sin ar cuid den bhonneagar rialtais iad. Déanfaidh an conraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2) an bonneagar tráchtála***, agus aon rioscaí gaolmhara,*** a mhaoiniú go hiomlán. |

*Réasúnú*

*Ba cheart don chonraitheoir freagracht iomlán a ghlacadh as an mbonneagar tráchtála agus as aon rioscaí gaolmhara.*

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an conraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2) soláthar na seirbhísí tráchtála a mhaoiniú. Déanfar na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le soláthar na seirbhísí tráchtála a chinneadh sna conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 15. Sonrófar iontu go háirithe conas a dhéanfaidh an Coimisiún soláthar na seirbhísí tráchtála a mheasúnú agus a fhormheas chun a áirithiú go gcaomhnaítear leasanna bunriachtanacha an Aontais agus cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 3***.*** Áireofar ***iontu*** freisin ***coimircí leormhaithe chun saobhadh iomaíochta*** i soláthar seirbhísí tráchtála ***a chosc***, ***chun go seachnófar aon choinbhleacht*** leasa, idirdhealú míchuí ***agus*** aon bhuntáiste indíreach folaithe eile don chonraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Féadfar a áireamh ***ar choimircí den sórt sin*** an oibleagáid um dheighilt chuntasaíochta idir soláthar seirbhísí rialtais agus soláthar seirbhísí tráchtála, lena n-áirítear eintiteas ar leith a bhunú atá scartha go struchtúrach agus go dlíthiúil ón oibreoir atá comhtháite go hingearach le haghaidh seirbhísí rialtais a sholáthar, agus chun rochtain oscailte, chóir agus neamh-idirdhealaitheach a sholáthar ar an mbonneagar is gá chun seirbhísí tráchtála a sholáthar. | 4. Déanfaidh an conraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2) soláthar na seirbhísí tráchtála a mhaoiniú. Déanfar na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le soláthar na seirbhísí tráchtála a chinneadh sna conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 15. Sonrófar iontu go háirithe conas a dhéanfaidh an Coimisiún soláthar na seirbhísí tráchtála a mheasúnú agus a fhormheas chun a áirithiú go gcaomhnaítear leasanna bunriachtanacha an Aontais agus cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 3 ***agus cé na bearta a bheidh le déanamh i gcás nach n-urramaítear na cuspóirí sin. Go háirithe, áireofar sna conarthaí bearta chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú i gcás mainneachtain thromchúiseach ó thaobh an chonraitheora de.*** |
| | ***Áiritheofar leis na conarthaí sin*** freisin ***nach mbeidh aon*** saobhadh iomaíochta i soláthar seirbhísí tráchtála, ***coinbhleachtaí*** leasa, idirdhealú míchuí ***ná*** aon bhuntáiste indíreach folaithe eile don chonraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2). ***Féadfaidh siad, dá bhrí sin,*** an oibleagáid um dheighilt chuntasaíochta a áireamh idir soláthar seirbhísí rialtais agus soláthar seirbhísí tráchtála, lena n-áirítear eintiteas ar leith a bhunú atá scartha go struchtúrach |

agus go dlíthiúil ón oibreoir atá comhtháite go hingearach chun seirbhísí rialtais a sholáthar, agus chun rochtain oscailte, chóir agus neamh-idirdhealaitheach a sholáthar ar an mbonneagar is gá chun seirbhísí tráchtála a sholáthar.

*Réasúnú*

*Leasú atá ceaptha chun a áirithiú go gcaomhnófar leas airgeadais an Aontais.*

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh an Coimisiún, ***i gcásanna ina bhfuil údar cuí leo agus ar bhonn eisceachtúil,*** beartas praghsála a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. | De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh an Coimisiún, ***tar éis anailís chríochnúil a dhéanamh, i gcásanna ina bhfuil géarghá leis chun soláthar a mheaitseáil le héileamh ar sheirbhísí rialtais,*** beartas praghsála a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. |

*Réasúnú*

*Soiléiriú ar an mbeartas praghsála.*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tríd an mbeartas praghsála sin a chinneadh, áiritheoidh an Coimisiún nach ndéanfar saobhadh ar an iomaíocht mar gheall ar na seirbhísí rialtais a sholáthar, nach mbeidh ganntanas seirbhísí rialtais ann agus nach dtugtar aon róchúiteamh don ***tairbhí mar thoradh ar an bpraghas a shainaithnítear***. | Tríd an mbeartas praghsála sin a chinneadh, áiritheoidh an Coimisiún nach ndéanfar saobhadh ar an iomaíocht mar gheall ar na seirbhísí rialtais a sholáthar ***agus*** nach mbeidh ganntanas seirbhísí rialtais ann***.*** Ní ***fhéadfaidh*** róchúiteamh don chonraitheoir a bheith mar thoradh ***ar an mbeartas praghsála***. ***Úsáidfear aon*** |

| | |
|---|---|
| | ***ioncam ón mbeartas praghsála chun acmhainneacht an chórais um nascacht shlán a mhéadú, nó chun acmhainneacht bhreise a sholáthar.*** |

*Réasúnú*

*Soiléiriú ar an mbeartas praghsála.*

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é EUR ***1,600*** billiún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027 agus chun na rioscaí gaolmhara a chumhdach. | Is é EUR ***1,750*** billiún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027 agus chun na rioscaí gaolmhara ***nach mbaineann ach leis an mbonneagar rialtais*** a chumhdach. ***Tógfar an méid sin ó na corrlaigh neamh-leithdháilte faoi uasteorainneacha CAI 2021-2027 nó déanfar é a shlógadh trí ionstraimí speisialta neamhthéamacha CAI.*** |

*Réasúnú*

*Mar thionscnamh nua, ba cheart Nascacht Shlán a mhaoiniú trí acmhainní nua a úsáid. Is ionann an t-ardú beag ar an imchlúdach airgeadais agus an méid a mhol an Coimisiún a chur ar leataobh faoi ICFCI.*

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Is é seo a leanas a bheidh i ndáileadh táscach an mhéid as CAI 2021-27:*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*Féach leasú 23.*

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2 – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***— EUR 950 milliún ó Cheannteideal 1;*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*Féach leasú 23.*

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2 – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***— EUR 500 milliún ó Cheannteideal 5;*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*Féach leasú 23.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2 – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***— EUR 150 milliún ó Cheannteideal 6.*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*Féach leasú 23.*

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Comhlánófar an Clár le cistiú arna chur chun feidhme faoin gClár Fís Eorpach**,** faoi Chlár Spáis an Aontais ***agus faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI)*** le haghaidh uasmhéid táscach EUR 0,430 billiún***, EUR 0,220 billiún agus EUR 0,150*** billiún faoi seach. Cuirfear an cistiú sin chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2021/695**,** Rialachán (AE) Uimh. 2021/696 ***agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/947*** faoi seach. | 2. Comhlánófar an Clár le cistiú arna chur chun feidhme faoin gClár Fís Eorpach ***agus*** faoi Chlár Spáis an Aontais agus le haghaidh uasmhéid táscach EUR 0,430 billiún ***agus*** EUR 0,220 billiún faoi seach. Cuirfear an cistiú sin chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2021/695 ***agus*** le Rialachán (AE) Uimh. 2021/696 faoi seach. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ní fhéadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid chun aon rioscaí a bhaineann leis an mbonneagar tráchtála a chumhdach.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áireofar sna conarthaí dá | 6. Leis na conarthaí dá dtagraítear san |

| | |
|---|---|
| dtagraítear san Airteagal seo ***coimircí leormhaithe chun go seachnófar aon*** róchúiteamh ***don chonraitheoir,*** saobhadh iomaíochta, ***aon choinbhleacht*** leasa, idirdhealú míchuí ***agus*** aon bhuntáistí indíreacha folaithe eile. I gcomhréir le hAirteagal 7(4), beidh forálacha iontu maidir le próiseas measúnaithe agus formheasa seirbhísí tráchtála a sholáthraíonn an conraitheoir chun a áirithiú go gcaomhnaítear leas bunriachtanach an Aontais agus cuspóirí an Chláir. | Airteagal seo ***áiritheofar nach bhfaighidh an conraitheoir aon*** róchúiteamh, ***agus nach ndéanfar aon*** saobhadh iomaíochta, nach mbeidh ***coinbhleachtaí*** leasa, idirdhealú míchuí ***ná*** aon bhuntáistí indíreacha folaithe eile ann. I gcomhréir le hAirteagal 7(4), áireofar iontu forálacha maidir leis an bpróiseas measúnaithe agus formheasa ar na seirbhísí tráchtála arna soláthar ag an gconraitheoir chun a áirithiú go gcaomhnaítear leasanna bunriachtanacha an Aontais agus cuspóirí an Chláir ***agus maidir leis na bearta a bheidh le déanamh i gcás nach n-urramaítear na cuspóirí sin***. ***Go háirithe, áireofar iontu bearta chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú i gcás mainneachtain thromchúiseach ó thaobh an chonraitheora de.*** |

*Réasúnú*

*Leasú atá ceaptha chun a áirithiú go gcaomhnófar leas airgeadais an Aontais.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) iomaíocht éifeachtach a áirithiú sa phróiseas tairisceana, agus cuspóirí an neamhspleáchais theicneolaíoch ***agus*** leanúnachas na seirbhísí á gcur san áireamh; | (b) iomaíocht éifeachtach a áirithiú sa phróiseas tairisceana, ***agus cuspóirí an neamhspleáchais theicneolaíoch, an leanúnachais seirbhísí agus na hindéantachta teicneolaíche fadtréimhsí á gcur san áireamh***; |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) critéir chomhshaoil a | (h) critéir ***inbhuaine comhshaoil agus*** |

| | |
|---|---|
| chomhlíonadh; | ***sóisialta*** a chomhlíonadh; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Meastóireacht | ***Faireachán agus*** meastóireacht |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireachtaí ar an gClár go tráthúil sa chaoi go bhféadfar iad a úsáid sa phróiseas cinnteoireachta. | 1. ***Chun cur leis an bpróiseas cinnteoireachta agus chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla,*** déanfaidh an Coimisiún ***faireachán*** ar an gClár ***ar bhonn leanúnach agus déanfaidh sé meastóireacht ar a chur chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2026 agus uair gach trí bliana ina dhiaidh sin.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Faoin [DÁTA ATÁ 3 BLIANA TAR ÉIS AN TEACHT I BHFEIDHM], agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin,*** déanfaidh an Coimisiún ***meastóireacht ar chur chun feidhme an Chláir. Déanfar*** measúnú ar na nithe seo a leanas léi: | 2. ***Agus an mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1 á déanamh aige,*** cuirfidh an Coimisiún ***tuairimí na ngeallsealbhóirí ábhartha san áireamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon agus*** déanfaidh sé measúnú ar an méid seo a leanas: |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) aon róchaiteachas, an tráthúlacht maidir le spriocdhátaí bunaithe an tionscadail a chomhlíonadh agus éifeachtacht rialachas agus bhainistiú an Chláir;*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach ghníomhaíochtaí an Chláir don Aontas;*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bc) méid shineirge agus chomhlántacht an Chláir le tionscnaimh ábhartha de chuid an Aontais, le tionscnaimh ábhartha náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, le tionscnaimh ábhartha réigiúnacha.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Más gá, ***féadfar*** leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2027 chun go gcumhdófar na costais is gá chun na cuspóirí dá bhforáiltear in Airteagal 3 a chomhlíonadh, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh an Chláir a bhainistiú, mar aon le costais lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí oibríochtúla criticiúla agus soláthar seirbhísí. | Más gá, ***déanfar*** leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2027 chun go gcumhdófar na costais is gá chun na cuspóirí dá bhforáiltear in Airteagal 3 a chomhlíonadh, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh an Chláir a bhainistiú, mar aon le costais lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí oibríochtúla criticiúla agus soláthar seirbhísí. |

*Réasúnú*

*Is den tábhacht é a chur in iúl go mbeidh na hacmhainní is gá ar fáil tar éis 2027.*

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bunú Chlár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 |
| **Tagairtí** | COM(2022)0057 – C9-0045/2022 – 2022/0039(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>7.3.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>7.3.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | José Manuel Fernandes<br>11.3.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 17.5.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.7.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 29<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Anna Bonfrisco, Olivier Chastel, Lefteris Christoforou, Andor Deli, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Vlad Gheorghe, Francisco Guerreiro, Valérie Hayer, Eero Heinäluoma, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Moritz Körner, Joachim Kuhs, Zbigniew Kuźmiuk, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Victor Negrescu, Dimitrios Papadimoulis, Bogdan Rzońca, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Nils Ušakovs, Johan Van Overtveldt, Rainer Wieland |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jan Olbrycht |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Bernhuber, Helmut Scholz, Birgit Sippel |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 29 | + |
|---|---|
| CLE | Zbigniew Kuźmiuk, Bogdan Rzońca, Johan Van Overtveldt |
| NI | Andor Deli |
| PPE | Alexander Bernhuber, Lefteris Christoforou, José Manuel Fernandes, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Rainer Wieland |
| An Grúpa Renew | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Moritz Körner, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds |
| S&D | Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Margarida Marques, Victor Negrescu, Sippel Birgit, Nils Ušakovs |
| An Grúpa 'The Left' | Dimitrios Papadimoulis, Scholz Helmut |
| Grúpa na nGlasach/na Saor-Chomhghuaillíochta Eorpaí | Rasmus Andresen, Francisco Guerreiro |

| 0 | - |
|---|---|

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Anna Bonfrisco, Joachim Kuhs |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh